17

Focail Dheacra

	Lch
gonta	166
broidearnach	166
olaithe	167
brí ciaróige	167
túiríní	167
adhastar	167
codladh gliúragáin	167
búireach toll torannach	168
gioblach	168
smuilcíní	169
mionn	170
crann cumhachta	172

Frásaí

	Lch
Glór mór ar bheagán cúise	171

Ceisteanna Bunaithe ar Fhianaise

1. Cén chuma a bhí ar an chlós?
2. Ar thuig tú láithreach cé leis an guth a d'aithin Joey?
3. Cén fáth nach dtiocfadh leis an tsaighdiúir bia ná uisce a thabhairt do Joey?
4. Cén fáth ar sheas Joey ar na cosa deiridh agus é chomh lag sin?
5. Cad chuige a mbeadh David ag déanamh go raibh Albert as a chrann cumhachta?
6. Cad é an chuimhe a bhí ag Albert ar an chuma a bhí ar Joey?

Ceisteanna Tátalacha

1. Cén tábhacht a bhaineann leis na trí straidhp leathana a bhí ar mhuinchille chóta an fhir mhóir?
2. Cén fáth a ndeachaigh Albert isteach sa Chór Tréidliachta?
3. An dóigh leat gur cara maith le Albert é David?

Ceisteanna Smaointeoireachta



1. Labhair an fear mór a bhí i gceannas go borb leis na saighdiúirí. Thug sé smuilcíní agus falsóirí orthu. An dóigh leat gur sin an bealach is fearr leis na fir a spreagadh lena gcuid oibre a dhéanamh?
2. An dóigh leat go dtuigeann ainmhithe rud ar bith a deir daoine leo? An dóigh leat go bhfuil mothúcháin acu? Tabhair cúiseanna le do fhreagraí.

Gníomhaíocht

Gníomhaíocht 1: Cruinneas sa Ghaeilge

Dúradh gur “dhá chapall thoirtiúla dhubha” a bhí ag tarraingt na cairte. Oibrigh amach an riail atá in úsáid leis na hainmfhocail agus leis na haidiachtaí. Déan sin a chinntiú le do mhúinteoir. Agus an riail ar eolas agat scríobh amach na focail thíos mar is ceart.

1.	dhá + peann + dearg
2.	trí + pota + mór + donn
3.	sé + capall + dubh + láidir
4.	dhá + balún + gorm + mór
5.	ceithre + oíche + ciúin + dorcha
6.	trí + eitleog + buí + beag
7.	naoi + ceist + deacair + fada
8.	ocht + carr + cumhachtach + gasta
9.	deich + leabhar + casta + costasach
10.	seacht + tábla + fada + mór